NA GIÚDAIGH AGUS NA SAMÁRAIGH

In aimsir Íosa, bhíodh talamh na Palaistíne faoi smacht na Rómhánach. Bhíodh sé roinnte ina cheantair éagsúla. Bhíodh cónaí ar mhórchuid na Samárach sa tSamáir. Bhí na Samáraigh difriúil leis an phobal Ghiúdach a bhíodh ina gcónaí sna limistéir máguaird sa Phalaistín. Bhí an tSamáir suite idir an Ghailíl ó thuaidh agus an Iúdáia agus Iarúsailéim ó dheas. Ba é an bealach tríd an tSamáir an bealach is giorra do Ghiúdaigh a bhí ag taisteal ó thuaidh ó Iarúsailéim nó ó dheas ón Ghailíl.

Leis na céadta bliain, áfach, bhí naimhdeas idir na Giúdaigh agus an pobal Samárach. Níor aontaigh siad faoi cá háit ar chóir do phobal Dé é a adhradh. D'adhair Giúdaigh ag An Teampall in Iarúsailéim. Bhí ionad eile adhartha déanta ag na Samáraigh, ina dtír féin, ar bharr cnoic.

B'fhuath le Giúdaigh agus le Samáraigh a chéile. Ní bhíodh mórchuid na nGiúdach sásta taisteal tríd an tSamáir. Théadh siad bealach is faide leis an tSamáir, agus le haon teagmháil le Samáraigh, a sheachaint.

D'inis Íosa scéal an tSamáraigh Mhaith i ndiaidh gur fhiafraigh Giúdach fir de: "Cad tá le déanamh agam chun go mbeinn páirteach sa bheatha shíoraí?"



D'fhiafraigh Íosa de cad é a bhí scríofa i ndlí na nGiúdach. D'fhreagair sé: "Gráóidh tú do Thiarna Dia ó do chroí go hiomlán agus ó d'anam go hiomlán agus ó do neart go hiomlán agus ó d'aigne go hiomlán, agus gráóidh tú do chomharsa mar thú féin."

"Thug tú an freagra ceart," arsa Íosa de fhreagra. "Déan an méid sin agus beidh an bheatha agat."

Ansin d'fhiafraigh an fear d'Íosa: "Agus cé hé mo chomharsa?"